


**Díol spéise daoibh, a mhúinteoirí:**

Is é aidhm aonaid Pathways scoláirí ó chúlraí éagsúla a spreagadh chun smaoineamh ar a roghanna gairme, ar an bpróiseas cinnteoireachta gairme agus smaoineamh go háirithe ar an teagasc mar shlí bheatha inmhianaithe.

Is tionscnamh de chuid an Tionscadail Conaire iad na haonaid seo, arna maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), atá lonnaithe san Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC).

Tá 3 aonad ann do scoláirí an 2ú Bliain, agus maireann gach ceann acu thart ar 2 uair an chloig.

- Aonad 1: Cineálacha clisteachta
- Aonad 2: Foireann uirlisí oideora
- Aonad 3: Ar an gcás

<u>Roinnt pointí tábhachtacha maidir leis an dóigh a n-oibríonn aonaid Pathways</u>:

- Tá na sleamhnáin réidh le húsáid sa seomra ranga.
- Tá teacht ar nótaí an mhúinteora chomh maith le treoir céim ar chéim do na gníomhaíochtaí ar gach sleamhnán sa PDF a ghabhann leis seo.
- Tá sé tábhachtach sleamhnáin a thaispeáint sa mhodh léirithe (mura moltar a mhalairt a dhéanamh sna i nótaí an mhúinteora), toisc go mbraitheann roinnt gníomhaíochtaí ar bheochan. I gcás ina bhfuil beochan ar shleamhnán, léirítear é sin i nótaí an mhúinteora.

- Nuair atá an téacs i nótaí an mhúinteora i gcló iodálach, tá sé i gceist go n-úsáidfeadh an múinteoir nuair a bhíonn sé nó sí ag caint le scoláirí; aon uair nach bhfuil an téacs i gcló iodálach, d'fhéadfaí glacadh leis gur treoir atá ann do mhúinteoir amháin.
- Is beag ullmhúchán atá ag teastáil ar ábhair. Ó am go chéile, agus ag brath ar do chuid scoláirí, seans go gcinnfidh tú fótachóip de na sleamhnáin a dhéanamh roimh ré. Más gníomhaíochtaí iad a chaithfear ullmhú lena n-aghaidh roimh ré, gheobhaidh tú noda ar Shleamhnán 2 agus i nótaí an mhúinteora.

Go raibh maith agat as plé leis na haonaid Pathways!

## Aonad 3: Ar an gcás

**Fad:** Thart ar 2 uair a chloig

### Cuspóirí foghlama molta

Táimid ag foghlaim conas...

- na dúshláin a bhaineann le saol na scoile a phlé agus na tacaíochtaí atá ar fáil sa scoil a aithint
- na daoine aonair/grúpaí éagsúla atá i bpobal scoile a aithint
- smaoinigh ar na fáthanna a bhfuil an scoil tábhachtach agus iad seo a rangú in ord tábhachta
- machnamh a dhéanamh maidir leis an méid a d'fhoghlaimíomar inár 3 n-aonad Conairí

| Sleamhnáin | Gníomhaíocht | Cad a bheidh ar bun againn? |
|---|---|---|
| 3 | | Réamheolas ar na deilbhíní |
| 4-10 | 1 | Ag féachaint ar chás-staidéir ar na heispéiris scoile éagsúla \| Ag plé dúshláin scoilbhunaithe agus na tacaíochtaí atá ar fáil **NB: Cóipeanna de na cás-staidéir (Sleamhnáin 5-9) a phriontáil roimh ré** |
| 11 | 2 | Úsáid a bhaint as na cás-staidéir mar bhonn chun róil agus freagrachtaí na ndaoine aonair/grúpaí éagsúla atá i bpobal scoile a aithint agus a phlé |
| 12-13 | 3 | Rangú a dhéanamh ar na fáthanna a bhfuil an scoil tábhachtach \| Dúshláin scoilbhunaithe a chur i gcomparáid leis na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann mura gcríochnaítear an scoil |
| 14 | 4 | Machnamh a dhéanamh maidir leis an méid a d'fhoghlaimíomar inár 3 aonad Conairí |
| 15 | 5 | Ag seiceáil isteach leis na cuspóirí foghlama |
| 16 | Ceacht le cois | Leabhrán pobail scoile a chruthú do dhaltaí na chéad bhliana atá ag teacht isteach |

### Táscairí Folláine

- Feasach
- Nasctha
- Athléimneach
- Freagrach


### Eochairscileanna

- Léamh agus scríobh a bheith agat
- Mé féin a bhainistiú
- Ag fanacht ar fónamh
- Faisnéis agus smaoineamh a bhainistiú
- Ag obair le daoine eile
- Cumarsáid



Aonad 3, Réamheolas
Haigh, Is mise Alex.
Deas buaileadh leat!
Tá mé anseo le hinsint duit go mbainimid úsáid as deilbhíní (na pictiúir bheaga thíos) san aonad seo. Cuideoidh siad sin leat an méid a bheidh á dhéanamh agat le linn na ngníomhaíochtaí éagsúla a thuiscint. Bain sult as (agus bí ag foghlaim)!
Obair aonair
Plé ranga
Obair Beirte
Léamh
Obair ghrúpa
Gníomhaíocht le cois


**SLEAMHNÁN 3**




**SLEAMHNÁN 4**

**Nótaí an mhúinteora**

**NB:** Priontáil go leor cóipeanna de na cás-staidéir (Sleamhnáin 5-9) roimh an rang.

*Breathnóimid ar chás-staidéir faoi chineálacha éagsúla eispéireas scoile.*

Tabhair cás-staidéar amháin do gach scoláire.

*Agus tú ag léamh trí do chás-staidéar, cuir líne faoi aon fhocail nó téarmaí nach dtuigeann tú nó aibhsigh iad.*

Roinn an rang ina bpéirí – más féidir, ba chóir go mbeadh dhá chás-staidéar dhifriúla ag gach péire.

*Déan iarracht cuidiú le chéile le focail/téarmaí casta ar bith i do chás-staidéir.*

Ag brath ar do rang, b'fhéidir go mbeidh ort míniú a thabhairt ar chuid díobh seo a leanas:

- idirthréimhse (tréimhse athraithe, mar shampla, an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoil nó ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach)
- An Idirbhliain (clár neamhspleách bliana atá arb é an chéad bhliain de shraith shinsearach trí bliana i go leor meánscoileanna, féach: An Idirbhliain)
- athscrúdú (bliain ar scoil nó scrúdú amháin nó níos mó)

- DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna – Tionscnamh rialtais lena bhféachtar lena chinntiú go mbeidh na buntáistí oideachais céanna ag gach scoláire, i ngach scoil, féach: DEIS)
- An Teastas Sóisearach (téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an tSraith Shóisearach nó Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ó dheireadh na 1980í go dtí 2022)
- An Meánteistiméireacht (téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an tSraith Shóisearach nó Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ó na 1920í go dtí deireadh na 1980í)
- pointí (torthaí na hArdteistiméireachta, ar a dtugtar 'pointí' mar gheall ar an scála grádaithe 8 bpointe)

**NB:** Tugtar na chéad chéimeanna eile i nGníomhaíocht 1 tugtha i nótaí an mhúinteora do Shleamhnán 10.

Aonad 3, Gníomhaíocht 1



## Lena

Bhí mo thaithí bunscoile go breá. Scoil chailíní a bhí ann.

Ansin d'fhreastail mé ar mheánscoil mheasctha. D'fhreastail mé ar scoil DEIS. Is dócha gur amanna dúshlánacha a bhí iontu. Ní raibh a lán de na daltaí sa ghrúpa ranga chomh spreagtha is a bhí mise. Bhí an tuairim agam i gcónaí go mb'fhéidir gur mhaith liom dul chuig an gcoláiste, agus is dócha gur phioc cuid de na daoine sa rang orm minic go leor. Ba mhinic dúshlánach é sin.

Dá n-éireodh le duine éigin níos fearr ná mise i dtriail sa rang, déarfaidís, 'Ó, d'éirigh liom níos fearr ná tusa, an té atá ag iarraidh dul go Coláiste na Tríonóide!' Bhí sé i gcónaí, 'Cé mhéad pointe a fuair tú?' 'Cé mhéad pointe a fuair tú? Ba rud é sin a theastaigh uaim a choinneáil liom féin. Bhí sé dúshlánach dul i gcoinne an ghráinne agus iarracht a dhéanamh a bheith an duine a bhí beagán difriúil.

**SLEAMHNÁN 5**

Aonad 3, Gníomhaíocht 1



## Éadaoin

Cailín gan bhuairt a bhí ionam sa bhunscoil. Bhí mé go maith ar scoil. Ní raibh aon fhadhb agam i ndáiríre.

Ar mhachnamh dom, bhraith mé go raibh an t-aistriú go dtí an mheánscoil deacair go leor. Fuair m'athair bás nuair a bhí mé sa dara bliain agus bhí tionchar mór aige sin ar mo chaidreamh leis an scoil agus mé ag dul tríd an saol chomh maith leis an scoil. Ní raibh ach mé féin, mo mham agus mo dheartháir ó thús an dara bliain. Bhí mo mhamaí ar fheabhas ach is cinnte go raibh sé deacair. Bhí mo dheartháir níos óige beagán dúshlánach chomh maith agus mar sin bhí sé sin ag dul ar aghaidh chomh maith sa chúlra.

Fuair mé tacaíocht nuair a tháinig mé ar ais ar scoil tar éis do m'athair bás a fháil. Is aisteach an rud é go raibh go leor againn sa bhliainghrúpa céanna a chaill tuismitheoir…thart ar cheathrar againn. Chuir an múinteoir reiligiúin grúpa tacaíochta le chéile. Bhí go leor tacaíochta ann. Ní dóigh liom gur cheap mé gur tacaíocht a bhí ann ag an am. Cheap mé go raibh sé beagán aisteach!

Shocraigh mé isteach i mo bhuille – shocraigh mé isteach san idirbhliain. Ach ansin bhí mí-ádh orm sa chúigiú bliain sa mhéid is gur tháinig fiabhras faireoige orm agus gur chaill mé go leor scoile. Bhíodh tuirse orm agus rudaí mar sin. Bhí mé ar gcúl le mo chuid oibre don chuid is mó den séú bliain. Bhí sé crua ach bhí a fhios agam nach raibh mé ag iarraidh an bhliain a dhéanamh arís. Pé rud a fuair mé, fuair mé é. Ní raibh mé ag iarraidh a bheith ann níos faide ná mar a bhí orm.

**SLEAMHNÁN 6**

Aonad 3, Gníomhaíocht 1



## Dáithí

Níor thaitin scoil liom riamh. Ní hé nach raibh mé in ann don obair. Ach, ní raibh an spéis agam.

Ní raibh an bhunscoil ródhona – ach d'éirigh liom sa deireadh. Bhí an chéad bhliain sa mheánscoil ceart go leor ach bhí mé beagán bréan de sa dara bliain. Is ó chúlra feirmeoireachta mé agus mar sin ní raibh sé ródheacair a chur ina luí orm rud éigin seachas obair scoile a dhéanamh. Teilifís – bhí na cláir mhaithe ar fad ar siúl agus ba ghnách liom a bheith ag moilleadóireacht leis an obair scoile agus ag cur siar é agus gan é a dhéanamh. Sa tríú bliain, chaill mé suim go hiomlán. Bhris mé mo chos i mí Feabhra na bliana sin. D'fhéadfainn a bheith imithe ar ais ar scoil leis na maidí croise ach níor bhac mé leis go dtí thart ar mhí Aibreáin. Ní dhearna mé aon obair chun breith suas nó aon rud. Ní dhearna mé go maith sa Teastas Idirmheánach mar a thugadh ar an [Teastas Sóisearach] an uair sin.

Ba é sin mo thaithí ar scoil. Ní raibh aon suim agam. Ní fhéadfá aon rud a rá a chuirfeadh suim agam ann. Ní raibh uaim ach an scoil a fhágáil, post a fháil agus airgead a thuilleamh. Ní raibh baint aige leis an scoil ná leis na múinteoirí, mise a bhí ann. Ní raibh mé ar fheabhas le mata ach ní raibh na hábhair eile ródheacair, ní raibh aon suim agam áfach.

Ní raibh mé in ann aon rud a fheiceáil seachas airgead a thuilleamh. Bhí a fhios agam go bhféadfainn post a fháil. Níor smaoinigh mé ar oideachas mar chonair dom chun airgead a thuilleamh. Bhí a fhios agam go bhféadfainn dul ar an láithreán tógála agus airgead a thuilleamh. Chaith mé seal ar an láithreán tógála an samhradh roimhe sin. Is deacair ceann críonna a chur ar cholainn óg.

**SLEAMHNÁN 7**

Aonad 3, Gníomhaíocht 1



## Áine

Nuair a thosaigh mé ar an meánscoil, thaitin scoil go mór liom. Bhí mé an-dáiríre faoi mo chuid oibre agus gach rud. Bhí gach rud go hiontach ar fad. Bhí ag éirí go han-mhaith liom ar scoil. Rinne mé an-mhaith sa Teastas Sóisearach.

Ansin ag smaoineamh siar, is dócha go raibh sé thart ar an gceathrú bliain sílim, nuair a thosaigh rudaí ag dul i laghad dom. Bhí na gnáthrudaí bainteach le déagóirí agus rudaí eile ag dul ar aghaidh. Mothaím gur thug mé tús áite do rudaí eile thar m'obair scoile san Idirbhliain. Ba léir go raibh mo thuismitheoirí an-bhuartha faoi ceard a bhí ag tarlú.

I mo thuairim, b'fhéidir, agus mé ag breathnú siar, nach raibh ach na gnáthrudaí a théann déagóirí tríd i gceist ag an aois sin. Thosaigh mo ghráid ag sleamhnú go dona. Ní raibh an scoil chomh tábhachtach dom is a bhí tráth. Bhínn an-staidéarach agus chaithinn mo chuid ama ag staidéar le haghaidh mo Theastas Sóisearach agus ansin go tobann tharla an t-athrú ollmhór seo. Mar sin, cheap mo Mhamaí agus mo Dhaid gur smaoineamh maith é mé a chur chuig [scoil eile] don chúigiú agus don séú bliain. Bhí mo dheirfiúr níos sine ann agus d'éirigh go han-mhaith léi. Ach níor oibrigh sé amach chomh maith sin dom.

Ba mise an duine ab óige i mo bhliain. Sílim go raibh mé 16 agus bhí mé sách neamhaibí agus chaith an scoil áirithe sin leat mar dhuine fásta. Bhí sé cosúil le coláiste, bhí léachtaí beagnach agus ní dóigh liom go raibh mé réidh chuige sin. Ní raibh mé aibí go leor i ndáiríre. Mar sin, níor éirigh go maith liom agus níor dhearna mé go maith ar chor ar bith san Ardteist sa deireadh. Má d'fhéach tú ar na gráid a bhí faighte agam [sa tSraith Shóisearach] agus ansin ar mo Ardteist, ba gheall le leanbh difriúil é.

**SLEAMHNÁN 8**

**Aonad 3, Gníomhaíocht 1**




## Nasir

Nuair a chuaigh mé isteach sa mheánscoil ar dtús bhí mé an-chúthail. Is dócha go raibh easpa scileanna sóisialta agam, is dócha nár mhothaigh mé go hiomlán compordach sa timpeallacht sin. Níor thaitin an malartú agus athrú na ranganna liom. Níor thaitin sé liom go raibh orm aithne a chur ar go leor múinteoirí nua. Ní raibh mé ag iarraidh aithne a chur ar go leor daoine nua, tá a fhios agat, daoine ó go leor bunscoileanna éagsúla. Bhí sé an-deacair dom. Dhéanainn an obair bhaile. Is dócha nár thuig múinteoirí go raibh mé sa seomra leath den am. Sa chéad chuid de mo thaithí meánscoile, ghlac mé páirt nuair a bhí orm páirt a ghlacadh ach b'in é.

Nuair a bhain mé an ceathrú bliain amach agus beagán níos mó saoirse agam, ghlac mé páirt iomlán i ngníomhaíochtaí ranga. D'aithin mé gur thosaigh mé ag dul i feabhais. Chuaigh mé ar go leor turais scoile, rinne mé cairdeas le go leor daltaí eile i mo bhliain agus chuir mé aithne níos fearr ar mhúinteoirí. Maidir le múinteoirí nach raibh aithne acu ormsa i ndáiríre...rinne mé caidreamh le roinnt acu.

Bhí mé go huile is go hiomlán difriúil sa dara leath den mheánscoil. Caithfidh mé a rá gurbh iad na múinteoirí, an príomhoide, an leas-phríomhoide agus mo chomhghleacaithe ba chúis leis, chuir siad go mór leis sin. Bhí na múinteoirí an-dearfach i gcónaí. Bhíodar ina crann taca agam. Chuidigh siad liom ar go leor dóigheanna. Tá a fhios agat go mbíonn múinteoirí ann a bhfuil tú in ann dul chucu má tá tú ag mothú an-suaite, mura raibh rudaí ag dul i gceart i do shaol. Beidh siad thar a bheith sásta éisteacht leat agus misneach de chineál éigin agus focail spreagúla a thabhairt duit chun cuidiú leat. Faraor, ní bhfuair mé na pointí a bhí uaim, rud a bhí an-deacair dom a thuiscint.

**SLEAMHNÁN 9**




**SLEAMHNÁN 10**

**Nótaí an mhúinteora**

Tabhair cuireadh do gach péire an Léaráid Venn ar an sleamhnán a chóipeáil.

*Le do pháirtí, léigh trí do chás-staidéir.*

*Léirigh na dúshláin agus na tacaíochtaí a bhí ag na daoine i do chás-staidéir.*

*Déan achoimre ar na dúshláin sa chiorcal ar thaobh na láimhe clé de do Léaráid Venn agus ar na tacaíochtaí sa chiorcal ar thaobh na láimhe deise. Má cheapann tú go bhfuil rud éigin ina dhúshlán agus ina thacaíocht araon, cuir é sin i lár do Léaráid Venn, áit a bhfuil an dá chiorcal ag forluí ar a chéile.*

Ag brath ar do rang, b'fhéidir gur mhaith leat na cúpla leid thosaigh a thabhairt mar a leanas:

- Dúshláin: idirthréimhse, piaraí
- Tacaíochtaí: tuismitheoirí
- Forluí: múinteoirí

*Glac cúpla nóiméad leat féin chun smaoineamh ar d'eispéiris scoile féin go dtí seo. Cad iad na dúshláin, más ann dóibh, a bhí agat? An bhfuair tú tacaíocht ó dhuine éigin sa*

*scoil nó lasmuigh den scoil? An bhfuil aon cheann de do chuid eispéireas cosúil leis na cinn a bhfuil cur síos déanta orthu sna cás-staidéir?*

**NB:** B’fhéidir gur deis mhaith é seo chun do chuid eispéireas féin ar an scoil a roinnt (nach cinn a bhfuil tú sásta iad a roinnt).

*Labhair le do pháirtí faoi eispéiris scoile ar bith a bhfuil tú sásta agus ar do chompord iad a roinnt.*

*Cuir aon dúshláin agus tacaíochtaí nua a thagann aníos i do chomhrá le do Léaráid Venn.*

Cuidigh le rogha péirí lena Léaráid Venn chríochnaithe a chur i láthair.

Déan plé ranga uile a éascú ag baint leas as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Tá rud éigin mar a chéile ag na daoine go léir i do chás-staidéir – cad é sin, dar leat?* [Freagra: Is múinteoirí iad go léir anois]
- *An bhfuil iontas ort gur múinteoirí atá iontu go léir? Cén fáth/Cén fáth nach raibh?*




**SLEAMHNÁN 11**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 1 bheochan)**

*Sna cás-staidéir* (Gníomhaíocht 1), *luadh go mbaineann roinnt grúpaí le pobal na scoile (agus gur breathnaíodh orthu go príomha mar thacaíochtaí do scoláirí). Ina measc siúd bhí scoláirí, múinteoirí, leas-phríomhoidí, príomhoidí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.*


*Cé na daoine aonair nó grúpaí eile ar le pobal na scoile iad?* [Freagraí féideartha: ceann na bliana, treoirchomhairleoir, séiplíneach, rúnaí, comhairle na scoláirí, cumann na dtuismitheoirí, bord bainistíochta]

*Tá ról agus freagrachtaí éagsúla ag gach duine aonair/grúpa i bpobal na scoile. Roghnaigh trí cinn ar a laghad de na daoine aonair/grúpaí i bpobal na scoile agus scríobh 1-2 abairt faoina ról agus faoina bhfreagrachtaí. Má bhíonn cuidiú de dhíth ort, cuir ceist ar chara nó ar chairde.*

Faigh aiseolas ó roinnt scoláirí, agus ceartaigh eolas nó cur eolas leis nuair is cuí agus aibhsigh nuair a bhaineann róil agus freagrachtaí daoine aonair/grúpaí éagsúla le bheith ag caidreamh le daoine eile i bpobal na scoile.

**NB:** Seo deis mhaith lena roinnt conas a dhéanann tú caidreamh i do ról teagaisc le daoine aonair/grúpaí éagsúla i do phobal scoile.

*Baineann gach post nó gairm bheatha le bheith ag déileáil agus ag caidreamh le réimse daoine, agus ní haon eisceacht í an teagasc.*




**SLEAMHNÁN 12**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 1 bheochan)**

*Bhuaileamar le Dave i nGníomhaíocht 1.*

*Cad a cheapann tú a bhí i gceist ag Dave nuair a dúirt sé 'Ní mheas mé go raibh an t-oideachas ina chonair domsa…'*


* **Cliceáil** chun sliocht eile ó chás-staidéar Dave a thaispeáint

Dúirt Dave freisin, *'Is deacair ceann críonna a chur ar cholainn óg.' Cad a chiallaíonn sé sin, dar leat?* [Freagra: mar dhuine óg ní raibh Dave chomh críonna ná chomh aibí agus atá sé anois mar gheall ar thaithí agus aois.]

*D'fhág Dave an scoil go luath. Fuair sé oiliúint mar phlástrálaí agus d'oibrigh sé ar láithreáin tógála. Sa ról sin, thuig sé go mbaineann sé taitneamh as oiliúint a chur ar phrintísigh óga. Bhí dúil aige i gcónaí sa Ghaeilge agus d'fhreastail a pháistí féin ar Gaelscoil. Nuair a chuir an scoil ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí, chinn Dave triail a bhaint as. Thóg sé ranganna Gaeilge ina dhiaidh sin le Conradh na Gaeilge* (féach: Conradh na Gaeilge)*, sular chinn sé go ndéanfadh sé Gaeilge na Sraithe Sóisialaí, Gaeilge na hArdteistiméireachta ansin, dioplóma ansin agus céim sa Ghaeilge ar deireadh. Trí gach rud, dhéileáil Dave lena phost agus lena thiomantais teaghlaigh ag an am amháin Ar deireadh chinn sé a ghairm bheatha a athrú, fuair sé*

*post i scoil agus chríochnaigh sé a Mháistreacht Iarchéime (PME) san Oideachas chun cáiliú mar mhúinteoir.*

*D'fhág Dave an scoil nuair a bhí sé 16 bliana d'aois agus cháiligh sé mar mhúinteoir Gaeilge nuair a bhí sé sna 50í, agus idir an dá linn chuir sé oiliúint ar dhaoine eile, rinne sé go leor ranganna agus rinne sé staidéar. Bhí an t-oideachas ina chonair dó ina dhiaidh sin is uile.*




**SLEAMHNÁN 13**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 1 bheochan)**

*Mar mhúinteoir, is iad na scoláirí a bhíonn ag streachailt a mheallann Dave. Aithníonn sé gurb é a thaithí saoil féin is cúis leis sin. Tá a fhios aige cé go mb'fhéidir nach í an scoil an rud is tábhachtaí do na scoláirí sin, is mian leis go mbeidh siad sásta go leor cur suas leis an scoil le gur féidir leis tacú leo lántairbhe a bhaint as a gcuid oideachais. Is léir go gcreideann Dave go bhfuil an scoil tábhachtach.*

Roinn an rang i ngrúpaí beaga.

*I do ghrúpa, pléigh na cúiseanna a bhfuil sé tábhachtach dul ar scoil.*

Faigh aiseolas ó gach grúpa, agus taifead a gcuid freagraí ar an gclár.

**NB:** B'fhéidir gur deis mhaith í seo chun an fáth a gceapann tú go bhfuil an scoil tábhachtach a chur in iúl le samplaí ó do chuid ama féin mar scoláire agus mar mhúinteoir.

Eagraigh vóta ranga chun na naoi gcúis is fearr a bhfuil tábhacht ag baint leis an scoil a chinneadh.

* **Cliceáil** chun teimpléad Dhiamant 9 a thaispeáint.

*Cóipeáil an teimpléad Dhiamant 9 ón sleamhnán* (cóip amháin in aghaidh an ghrúpa).


*Oibrigh le chéile chun na naoi gcúis lena bhfuil an scoil tábhachtach a rangú in ord tábhachta, i gcás gurb é 1 an ceann is tábhachtaí agus gurb é 5 an ceann is lú tábhacht.*

Cuidigh le gach grúpa a nDiamant 9 críochnaithe agus aon díospóireacht a tháinig chun cinn le linn a bplé grúpa a mhíniú.

Déan plé ranga uile a éascú ag baint leas as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Cad iad na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag duine óg cosúil leat féin sa saol mura gcríochnaíonn sé nó sí an scoil?*
- *Conas a dhéantar comparáid idir na deacrachtaí sin agus na dúshláin a bhaineann le fanacht ar scoil?*


Ag brath ar do rang, b'fhéidir nár mhiste duit na dúshláin agus na tacaíochtaí scoilbhunaithe a sainaithníodh i nGníomhaíocht 1 (Sleamhnán 10) agus i nGníomhaíocht 2 (Sleamhnán 11) a mheabhrú do do scoláirí.




**Sleamhnán 14**

**Nótaí an mhúinteora**

Léigh an téacs ar an sleamhnán os ard, ag tabhairt go leor ama idir gach abairt do na scoláirí chun machnamh a dhéanamh go ciúin leo féin.




**Sleamhnán 15**

**Nótaí an mhúinteora**

Léigh gach intinn foghlama os ard.

Iarr ar na daltaí ordóg a thabhairt duit má bhraitheann siad go bhfuil an rún foghlama bainte amach acu, ordóg anuas má tá tacaíocht fós ag teastáil uathu agus dorn mura bhfuil siad cinnte.




**SLEAMHNÁN 16**

**Nótaí an mhúinteora**

Tá an ghníomhaíocht bhreise a mholtar ar an sleamhnán seo nasctha le Gníomhaíocht 1 (Sleamhnán 10) agus Gníomhaíocht 2 (Sleamhnán 11).

Tionscadal Conaire
Institiúid Oideachais
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath